*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil Mhuir
## Pomeroy

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2007

# FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Mhuire |
| **Seoladh:** | 5 Bóthar Chabhán an Chaorthainn<br>POMEROY<br>Co Thír Eoghain<br>BT70 2RD |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 21 Samhain 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | N/A |

## 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 6 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 6 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 6 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 93% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 0 | 2 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 0 | 1 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 1 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | - | 187 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 6 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 83% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 2 |

**NAÍSCOIL MHUIRE, POMEROY, CO THÍR EOGHAIN, BT70 2RD (5AB-0546)**

## RÉAMHRÁ

1. Tá Naíscoil Mhuire suite i gcóiríocht shoghluaiste ar thailte St Mary's Primary School agus Ghaelscoil Mhuire, in Pomeroy. Tráth na cigireachta bhí seisear páistí ar rolla an ionaid réamhscolaíochta. Ní leor an líon sin le ceanglais íosta an Chláir Méadaithe Oideachais Réamhscoile a chomhlíonadh.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht agus pléadh ceisteanna ar bith, a ardaíodh, leis an fhoireann. Is é an tuairim a bhí ag na daoine a d'fhreagair go raibh siad sásta le caighdeán oideachais an ionaid.

3. Tá roinnt láidreachtaí i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad réamhscolaíochta le haghaidh cosaint leanaí. Bheidh roinnt breiseanna de dhíth chun a chinntiú go mbeidh na polasaithe agus na modhanna oibre sin mionchruinn go leor, agus cuimseoidh sin na nithe seo a leanas:

- gur gá an tsreabhchairt eolais do thuismitheoirí a thabhairt cothrom le dáta;
- gur gá ráiteas ar bhulaíocht a bheith inti; agus
- gur gá a chinntiú go síneoidh tuismitheoirí foirmeacha toilithe a bhaineann le cúram pearsanta na bpáistí.

Léirítear ó fhianaise na cigireachta go mbeidh roinnt beart breise de dhíth lena chinntiú go mbeidh a fhios ag baill nua foirne faoi na modhanna chun taifeadadh agus tuairisciú a dhéanamh ar nithe ar cúiseanna imní dóibh iad.

4. Tá láidreachtaí sa chlár le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus gealltanas méadaitheach ann go spreagfar na páistí le bheith ag ithe go sláintiúil agus le bheith i mbun gníomhaíochtaí coirp.

## CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR

5. Bíonn éiteas lán carthanachta san ionad agus cruthaíonn an fhoireann timpeallacht thacúil a bhíonn ina cuidiú agus na páistí ag socrú síos. Tá an seomra súgartha leagtha amach agus saináiteanna le haghaidh súgartha ann. Ní raibh i láthair ar lá na cigireachta ach ceathrar páistí; dá bharr sin bhí teorainn mhór leis an idirghníomhaíocht idir na páistí agus bhí siad ag brath barraíocht ar ionchur ó dhaoine fásta.

6. Cuirtear tús leis an chlár ama laethúil le tréimhse ghairid saorshúgartha agus lena linn sin baineann na páistí úsáid a bhfuil cuspóir léi as na hábhair atá ar fáil acu. Bá chóir don fhoireann feabhas a chur ar an dóigh a n-eagraítear an seisiún laethúil le go mbeidh tréimhse súgartha níos faide ann gan chur isteach, agus lena chinntiú nach gcuirfear teorainn gan ghá leis na gníomhaíochtaí a roghnaíonn páistí agus lena bhforbairt agus iad ag súgradh.

Baineann an fhoireann úsáid iomchuí as am sneaice na bpáistí le cuidiú leo a gcuid luathscileanna comhrá agus luathscileanna sóisialta a fhorbairt. Bíonn deiseanna rialta ag na páistí bheith ag súgradh taobh amuigh, bheith i mbun rann agus amhrán agus seisiúin scéalaíochta a bheith acu.

7. Bíonn teorainn leis an idirghníomhaíocht idir an fhoireann agus na páistí mar gheall ar an líon beag a dhéanann freastal ar an ionad. Glacann an fhoireann páirt i ngníomhaíochtaí súgartha na bpáistí agus is minic a mholann siad a gcuid iarrachtaí. Uaireanta cuidíonn an fhoireann leis na páistí leanúint de bheith ag cur suime sna gníomhaíochtaí súgartha ach is minic a bhíonn bonn teagaisc agus maoirseachta leis na hidirghníomhaíochtaí.

8. Is cainteoir muiníneach, inniúil Gaeilge é an ceannaire. Ach uaireanta nascann sé úsáid an Bhéarla le húsáid na Gaeilge agus é ag comhrá leis na páistí. Tá an teagasc foirmiúil teanga a chonacthas le linn na cigireachta mí-oiriúnach. Beidh leibhéal suntasach cuidithe de dhíth ar an chúntóir le go mbeidh sí ábalta idirghníomhú níos éifeachtaí leis na páistí. Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha agus tá siad ag tosú a úsáid roinnt focal Gaeilge agus iad ag idirghníomhú le daoine fásta.

9. Tá cur síos sa phleanáil scríofa ar réimse de théamaí agus de thopaicí oiriúnacha atá ina gcúnamh le cineálacha éagsúla taithí foghlama a chruthú do na páistí. Aimsítear sa phleanáil ghearrthéarmach gnéithe den fhoghlaim a bhfuil rún ag an fhoireann a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí éagsúla súgartha. Déantar an phleanáil a luacháil go rialta; ba chóir don fhoireann an luacháil sin a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí chun cuid riachtanas agus ábhar spéise na bpáistí aonair agus na ngrúpaí a aimsiú agus chun freagairt dóibh.

10. Tugann clár oideachais an ionaid deiseanna foghlama do na páistí i mbunús na réimsí den churaclam réamhscoile. Léiríonn na pointí a leanas gnéithe sonracha den chlár.

- Tugtar aird ar chur chun cinn fhorbairt phearsanta, shóisialta, agus mhothúchánach na bpáistí cé go mbíonn teorainn leis an idirghníomhaíocht shóisialta ar an ábhar go mbíonn líon beag ag freastal ar an ionad. Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint chuí acu ar na rialacha agus ar na gnáthaimh riachtanacha. Ba chóir tuilleadh deiseanna a chur ar fáil le go mbeidh rogha níos leithne gníomhaíochtaí ag páistí agus le go bhfaighidh siad cúnamh agus iad ag éirí níos neamhspleáiche agus ag forbairt scileanna chun cinntí a dhéanamh.

- Bíonn deiseanna rialta ag na páistí ar shúgradh coirp fuinniúil. Tá a lán de na páistí ag foghlaim scileanna iomchuí láimhsithe agus iad ag úsáid uirlisí beaga amhail siosúir agus marcóirí.

- Eagraíonn an fhoireann réimse gníomhaíochtaí cruthaitheacha leis na páistí a spreagadh le triail a bhaint as ábhair éagsúla. Stiúrann na daoine fásta cuid de na gníomhaíochtaí sin barraíocht. Ba chóir tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí lena gcumas cruthaitheach agus an tsamhlaíocht acu a fhorbairt. Bíonn deiseanna ann go minic ar amhránaíocht neamhfhoirmiúil, rud a mbaineann na páistí an-sult as; tá siad ag cruinniú stór oiriúnach rann agus amhrán.

11. Oibríonn na baill foirne i bpáirt lena chéile le breathnóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar fhreagairtí na bpáistí agus iad ag súgradh. Caithfidh an fhoireann a chinntiú go mbainfear úsáid níos éifeachtaí as an eolas le freastal ar a gcuid riachtanas agus ar na nithe ar spéis leo taobh istigh den chlár phleanáilte.

12. Tá naisc éifeachtacha neamhfhoirmiúla agus fhoirmiúla ann idir an fhoireann agus na tuismitheoirí. Bíonn eolas faoi obair an ionaid ar fáil ar chlár fógraí na dtuismitheoirí agus sa nuachtlitir dhátheangach mhíosúil. Tugann an fhoireann eolas faoi dhul chun cinn na bpáistí do na tuismitheoirí dá uair sa bhliain.

13. Tá mothú láidir san fhoireann gur meitheal mhaith iad. Bíonn cruinnithe rialta acu leis an chlár a luacháil agus tá cur chuige meabhraitheach ag an cheannaire ina chuid oibre. Tá obair mhór déanta ag an saineolaí oideachais luath-óige i bhforbairt an tsoláthair san ionad réamhscolaíochta seo. Bíonn an tacaíocht a thugtar dírithe go maith ar nithe a chuimsíonn, go háirithe, an dul chun cinn atá déanta in eagrú leagan amach an tseomra shúgartha, i bhforbairt na pleanála scríofa agus sa chúnamh a thugtar don fhoireann le go mbeidh tuiscint níos doimhne acu ar ghnéithe den churaclam réamhscoile.

14. **Ar bhuanna an ionaid tá:**

- dílseacht agus dúthracht na foirne agus iompar socraithe na bpáistí;
- an dul chun cinn atá déanta ag an fhoireann agus iad ag forbairt cuid polasaithe agus pleananna scríofa an ionaid;
- na hiarrachtaí a dhéantar le heolas a thabhairt do na tuismitheoirí agus iad a dhéanamh páirteach san obair; agus
- caighdeán na comhairle agus na treorach a thugann an saineolaí oideachais luath-óige.

15. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Agus é ag tabhairt faoin chuid is tábhachtaí de na réimsí sin, caithfidh an t-ionad:**

- a chinntiú gur leor an líon páistí a bheidh ag freastal ar an ionad chun ceanglais an Chláir Méadaithe Oideachais Réamhscoile a chomhlíonadh;
- athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar eagrú an tseisiúin chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht níos oiriúnaí idir an súgradh a cheapfaidh an páiste féin agus gníomhaíochtaí a bheidh faoi stiúir daoine fásta; agus;
- caighdeán na hidirghníomhaíochta idir an fhoireann agus na páistí a fheabhsú le go méadófar cumas féinrialach agus cruthaitheachta na bpáistí agus go gcuirfear lena gcuid scileanna smaointeoireachta i ngach réimse den churaclam réamhscoile.

16. Tá roinnt láidreachtaí san oideachas agus sa tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh réimsí a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin go pras má tá an t-ionad le freastal go héifeachtach ar riachtanais gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk